ISSN 1831-9505

Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip

2010

Achoimre feidhmiúcháin

Eoraip **shóisialta**

An Coimisiún Eorpach

Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2010

Achoimre feidhmiúcháin

An Coimisiún Eorpach
An Ardstiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna
Aonad B1

Lámhscríbhinn arna críochnú i Meán Hydref 2010

Ní bheidh an Coimisiún Eorpach ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

© Grianghraf ar an gclúdach: 123RF

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghrafanna nach bhfuil faoi chóipcheart na Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct
a chabhróidh leat freagraí
a fháil ar do cheisteanna
maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir saorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).
Tá sonraí catalógaithe ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-79-17892-4
doi:10.2767/15042

© An tAontas Eorpach, 2011
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

Achoimre feidhmiúcháin

Déanfar athbhreithniú sa tuarascáil Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2010 ar threochtaí agus fhorbairtí sna caidrimh chomhchoiteanna idir oibrithe, fostóirí agus a n-ionadaithe faoi seach le dhá bhliain anuas. Is é an séú tuarascáil dá leithéid ón gCoimisiún Eorpach agus tógann sé ar leagan na bliana 2008. Mar gheall go raibh an tréimhse atá á hathbhreithniú i gcomhthráth le tús agus leathadh na géarchéime eacnamaíochta is measa a bhí ann le blianta beaga anuas, féachtar go grinn sa tuarascáil seo ar an gcaoi ar láimhseáil na córais chaidrimh thionsclaíoch ar fud an Aontais Eorpaigh an ghéarchéim agus an chaoi go ndearna siad difear dá treo agus gur imir siad tionchar ar thorthaí.

Léirítear sa tuarascáil gur chuir an ghéarchéim eacnamaíochta dúshláin gan fasach faoi ghníomhairí agus institiúidí caidrimh thionsclaíoch ar fud an Aontais Eorpaigh. Ar an iomlán, taispeánadh go mbíonn caidreamh tionsclaíoch san Eoraip láidir nuair a cuirtear brú air agus go raibh sé ríthábhachtach maidir le tionchar an chúlaithe a mhaolú, cé nach raibh an tionchar céanna aige i ngach tír. Aithníodh go raibh ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí ina gcomhchainteoirí tábhachtacha do roinnt rialtas a bhí ag iarraidh freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim. In éineacht le beartais airgeadaíochta agus spreagtha fhioscaigh, bhí ról suntasach ag an gcaibidlíocht agus ag an gcomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta maidir le hiarmhairtí diúltacha sóisialta a theorannú. Bhí difríochtaí suntasacha maidir lena thábhachtaí agus a bhí na nithe sin sna Ballstáit éagsúla, áfach.

Bhí an tionchar tosaigh is déine ag an gcúlú sna tíortha ba leochailí maidir le bunús airgeadais na géarchéime, agus bhí teannas luath ann i measc na gcomhpháirtithe sóisialta sna tíortha sin dá bharr. De réir mar a leathnaigh an ghéarchéim agus gur imir sí tionchar ar Bhallstáit eile in 2008 agus go luath sa bhliain 2009, tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar chomhdhearcadh i go leor tíortha maidir leis an ngá a bhí le gníomhartha tapa chun fostaíocht a chaomhnú agus an geilleagar a spreagadh. Rinneadh é seo taobh le taobh le freagairt chomhordaithe níos fearr ar an ngéarchéim ar leibhéal Eorpach. Bhí freagairtí nuálaíocha ann de thoradh ar an gcomhphlé sóisialta i go leor Ballstát agus go leor earnálacha, amhail scéimeanna oibre gearrama a thabhairt isteach nó a leathnú. Tá rath na mbeart seo le feiceáil go soiléir: ní raibh an méadú foriomlán sa dífhostaíocht chomh dian agus a bhí daoine buartha go bhféadfadh sé a bheith i bhfianaise na titime suntasaí sa ghníomhaíocht eacnamaíoch. Bhain go leor cuideachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh leas as tairbhí an chomhphlé shóisialta agus as na bearta rialtais a bhí ag gabháil leis, a chuir ar a gcumas suaitheadh an chúlaithe a mhaolú trí sholúbthacht inmheánach, amhail líon na n-uaireanta oibre a laghdú, seachas iallach a bheith orthu solúbthacht sheachtrach a úsáid agus oibrithe a dhífhostú.

Ní ionann an scéal ar fud an Aontais Eorpaigh áfach. Bhí roinnt de na Ballstáit buailte go han-dona agus tháinig méadú ollmhór ar dhífhostaíocht iontu, agus i dtíortha eile is beag cúlaithe a bhí ann ar chor ar bith. Bhí tionchar ag éagsúlachtaí i ról traidisiúnta agus láidreacht thraidisiúnta na n-institiúidí comhphlé shóisialta sna tíortha difriúla maidir le cibé acu an raibh na comhpháirtithe sóisialta in ann teacht ar chomhréiteach agus ar chomhaontú lena gcéile nó nach raibh. Dá réir sin bhí éagsúlacht mhór ar mhéid an chomhdhearcaidh nó an easaontaithe idir na tíortha difriúla agus idir earnálacha eacnamaíocha, agus tháinig coinbhleachtaí chun cinn i roinnt Ballstát. Le deireanas bhí an t-easaontú seo dírithe ar riachtanas agus ar mhéid na mbeart déine chun easnaimh phoiblí a laghdú, ar athchóiriú ar chórais slándála sóisialta agus pinsean agus ar bheartais pá amach anseo. Cé gur tháinig comhdhearcadh ginearálta chun cinn maidir leis an riachtanas athchóirithe fadtéarmacha a dhéanamh agus freagairtí a thabhairt ar an ngéarchéim atá dírithe ar an todhchaí, d'fhéadfadh sé gur difríochtaí níos bunúsaí ó thaobh dearcaidh de maidir le bunchúis na géarchéime idir an dá thaobh den tionscal is cúis leis na heasaontuithe maidir le bearta sonracha beartais.

Mar sin féin, is minic tionchar a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le smaointe nua a thabhairt chun súile lucht déanta beartas ar gach leibhéal, mar gheall gurb iad na hidirghabhálaithe is fearr a bhfuil aithne acu ar shaol na hoibre. Ar feadh na géarchéime, agus in ainneoin roinnt mhaith coinbhleachta a bheith i gceist, is iontach an comhordú agus an dlúthpháirtíocht atá bunaithe acu ar fud na hEorpa, agus den chuid is mó níor ghéill siad don chathú freagairtí cosantacha náisiúnta a éileamh. Rinne an méid sin idirdhealú idir an cúlú seo agus teagmhais chosúla san am atá thart. Ar leibhéal Eorpach, rinne roinnt comhaontuithe a chuir na comhpháirtithe sóisialta i gcrích fíordhifríocht do na hoibrithe uile san Aontas Eorpach. Chuaigh siad i ngleic le ceisteanna amhail saoire thuismitheoirí, sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó margaí saothair cuimsitheacha.

Chomh maith leis sin, tá na comhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach araon ag díriú aird níos mó ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus tá tograí táirgiúla curtha ar fáil acu maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí agus scileanna glasa sna pleananna téarnaimh i roinnt Ballstát. Go fadtréimhseach, beidh comhphlé sóisialta ríthábhachtach

chun bainistíocht mhaith a dhéanamh ar an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus é a dhéanamh ar bhealach atá cóir go sóisialta. Beidh tionchar dearfach aige seo ar an bhfeasacht maidir leis an ngá chun taighde agus nuálaíocht ar leith a mhéadú ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin sin. Chomh maith le bheith ag cur le ceapadh beartais a bhaineann leis an athrú aeráide, tá na comhpháirtithe sóisialta ag tabhairt gné ghlas isteach sa chomhphlé atá ar bun acu, go háirithe ar leibhéal na gcuideachtaí. Cuireann siad go díreach leis an athrú trí mhúscailt feasachta, lipéid nó taighde, cé go mbíonn a mhéad agus a dhéantar é sin éagsúil ag brath ar chaighdeán na gcaidreamh tionsclaíoch sna Ballstáit.

Mar a thugtar le fios sa tuarascáil seo, tá iarmhairtí tábhachtacha ag an gcúlú ar ról an stáit agus na mbeartas poiblí sa tsochaí agus sa gheilleagar. Méadaíonn an ghéarchéim eacnamaíochta an brú chun seirbhísí poiblí a nuachóiriú, agus tá an bhéim níos déine fós mar gheall ar an riachtanas cúrsaí airgeadais poiblí a chomhdhlúthú agus easnaimh a laghdú. Dá bhrí sin beidh rath na mbeart beartais san earnáil phoiblí ríthábhachtach do chumas na hEorpa teacht slán ón ngéarchéim go buan. Ní mór do na rialtais agus do na comhpháirtithe sóisialta roghanna tábhachtacha a dhéanamh sa phróiseas nuachóirithe agus athraithe struchtúraigh sna seirbhísí poiblí. Ar an gcúis sin, déanfar scrúdú níos mionsonraithe ar chaidreamh tionsclaíoch san earnáil phoiblí sa chéad eagrán eile den tuarascáil Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip.

Don todhchaí díreach amach romhainn, beidh ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le cur chun feidhme na straitéise *Eoraip 2020* d'fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach. Is gá don Eoraip úsáid iomlán a bhaint as cumas an chomhphlé shóisialta chun fadhbanna a réiteach ar gach leibhéal má tá sí chun a cuspóirí a bhaint amach. Thaispeáin an ghéarchéim go bhfuil an córas caidrimh thionsclaíoch Eorpach, leis an éagsúlacht atá ann agus ar gach leibhéal (cuideachta, earnála, trastionscail, náisiúnta, Eorpach), ríthábhachtach maidir le rath agus cobhsaíocht na samhla sóisialta Eorpaí. Beidh tábhacht ag baint leis an gcóras i gcónaí agus an tAontas Eorpach ag dul amach as an ngéarchéim agus ag dul isteach i dtréimhse fáis nua.

Struchtúr na tuarascála

Tá seacht gcaibidil sa tuarascáil. Tugtar forbhreathnú ar phríomhthréithe na n-institiúidí caidrimh thionsclaíoch i gCaibidil 1. Tugtar tuairisc ann ar eagrúchán na n-oibrithe agus na bhfostaithe, cómhargáil, gníomhaíocht thionsclaíoch agus rannpháirtíocht stáit sa chaidreamh tionsclaíoch, agus déantar athbhreithniú ar athruithe agus ar threochtaí ó thús na haoise nua.

Déantar anailís ar fhorbairtí maidir le comhphlé sóisialta sa dara agus sa tríú caibidil i bhfianaise na géarchéime eacnamaíochta. Leagtar síos an cúlra i gCaibidil 2 trí phríomhpharaiméadair eacnamaíocha an chúlaithe a léiriú chomh maith leis na díospóireachtaí beartais i measc na gcomhpháirtithe sóisialta sna Ballstáit agus ar leibhéal an AE. Scrúdaítear dearcadh na gcomhpháirtithe sóisialta i leith na géarchéime agus an anailís éagsúil a rinne siad faoin gcineál géarchéime a bhí i gceist agus ar straitéisí chun dul amach as, agus léirítear na cásanna inar thángthas ar chomhdhearcadh agus na cásanna ina raibh easaontas ann den chuid is mó. I gCaibidil 3, tugtar na gníomhartha táirgiúla a d'aontaigh na comhpháirtithe sóisialta chun dul i ngleic leis na dúshláin a aithníodh sa chaibidil roimhe, chomh maith lena nuálaíocht maidir le nósanna imeachta agus a dtorthaí. I gcásanna áirithe, is baic sheasmhacha agus coinbhleacht amháin a bhí i gceist seachas comhdhearcadh. Dírítear ar an ngné thrastionscail agus ar fhorbairt ar na leibhéil earnála agus cuideachta araon san anailís.

Clúdaítear margáil faoi phá agus pá íosta sna Ballstáit i gCaibidil 4, le béim ar leith ar dhílárú leanúnach na cómhargála agus úsáid solúbthachta pá atá ag dul i méid i bhfoirm córais íocaíochta athraitheacha. Déantar iniúchadh ar an tionchar a bheidh ag an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin ar chórais chaidrimh thionsclaíoch i gCaibidil 5 agus a mhéad agus atá an topaic sin ar chlár oibre na gcomhpháirtithe sóisialta cheana féin. Léirítear an chaoi a gcuireann na comhpháirtithe sóisialta féin leis an ngeilleagar a dhéanamh níos glaise mar atá riachtanach agus leis an athstruchtúrú comhfhreagrach sa chaibidil seo freisin.

Tugtar forbhreathnú ar fhorbairtí ar leibhéal Eorpach sa dá chaibidil dheiridh den tuarascáil. Léirítear gníomhaíochtaí na gcoistí comhphlé shóisialta Eorpacha i gCaibidil 6. Tá go leor acu ag dul i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime go gníomhach. Déantar tuairisciú ar na hionstraimí éagsúla atá in úsáid sa chomhphlé sóisialta Eorpach, ó chomhaontaithe ceangailteacha go treoirlínte, a chabhraíonn chun feabhsúcháin iarbhír a dhéanamh i ngnáthshaol laethúil fhormhór mór na n-oibrithe agus na gcuideachtaí san Aontas Eorpach. Ar deireadh, déantar cur síos i gCaibidil 6 ar fhorbairtí reachtacha a bhaineann le fostaíocht san AE, ag díriú ar dhlíthe saothair, reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus cearta comhionannais san fhostaíocht.

Caibidil 1: Treochtaí maidir le caidreamh tionsclaíoch Eorpach

Leanadh leis na treochtaí roimhe seo i dtreo laghdaithe ar dhlús na gceardchumann, díláraithe ar chómhargáil agus rannpháirtíochta níos mó i measc fostaithe, agus tá leibhéal na cuideachta níos feiceálaí anois. Tá leanúnachas le feiceáil sna leibhéil arda eagrúcháin fostóirí, cumhdach margála agus ról beagán níos lú ag rialtas sa chaidreamh tionsclaíoch.

Is í éagsúlacht is mó atá le feiceáil sna córais chaidrimh thionsclaíoch san AE. Tá difríochtaí fós maidir le heagrúchán na gcomhpháirtithe sóisialta, cómhargáil maidir le pá agus leis na príomhdhálaí oibre, agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha. Is sna cásanna ina bhfuil féidearthachtaí maidir le hidirghabháil an AE amháin — amhail ionadaíocht fostaithe laistigh den fhiontar — go bhfuil nós i dtreo cóineasaithe le feiceáil.

Bíonn tionchar ag gnéithe éagsúla ar chumhacht agus ar láithreacht na gceardchumann. Tá an leibhéal ballraíochta ina chinntitheach tábhachtach maidir le cumhacht na gceardchumann, agus bíonn tionchar ag struchtúr na ballraíochta ar a mhéad agus is féidir leis na cumainn a mhaíomh go bhfuil siad ionadaíoch d'oibrithe nó fiú amháin dóibh siúd atá taobh amuigh de mhargadh an tsaothair faoi láthair. Is fachtóirí eile iad an tacaíocht a thugtar do cheardchumainn i gcreat an dlí; cur le chéile agus comhoibriú laistigh agus lasmuigh de ghluaiseacht na gceardchumann; an caidreamh le gníomhaithe eile; ceannaireacht, eagrúchán inmheánach agus rannpháirtíocht na mball; córas luachanna comhtháite; agus seasamh na gcumann agus a gceannairí i súile an phobail.

Bíonn na ceardchumainn ag cur le chéile go mór ar leibhéal Eorpach. Tugtar 64 cónaidhm náisiúnta le chéile i gCónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC). Tá ionadaíocht ag CEC i ngach tír den AE-27 agus tá a sciar den mhargadh, ar an leibhéal Eorpach, ag beagnach 88%.

Ar an iomlán, lean an laghdú ar bhallraíocht na gceardchumann ar aghaidh ach tá éagsúlachtaí móra i gceist sna tíortha difriúla. Thit céatadán na gcomhaltaí ceardchumainn i measc na n-oibrithe uile ar fud AE-27 an lae inniu ó 27.8 % sa bhliain 2000 go 23.4 % in 2008, agus chaill na ceardchumainn beagnach 3 mhilliún comhalta. Is toradh é seo ar rátaí ceardchumannaithe níos ísle atá ag dul i laghad i measc daoine óga, agus ar an deacracht a bhaineann le comhaltaí a earcú agus a choinneáil in earnáil na seirbhísí, i ngnólachtaí beaga agus ina measc siúd a bhfuil conarthaí fostaíochta solúbtha ar théarma seasta acu. Dá réir sin, tá na cumainn ag dul in aois agus ag brath níos mó agus níos mó ar an earnáil phoiblí. Mar sin, is bagairt do na cumainn atá i gceist le caillteanas post a fhógraítear san earnáil phoiblí, mar gheall gurb í sin an áit ina bhfuil an bhallraíocht is mó acu i mbeagnach gach tír. Laistigh den treocht ghinearálta seo, tá difríochtaí ollmhóra fós ann idir tíortha. Sa bhliain 2008, bhí éagsúlacht ar dhlús na gcumann idir 68.8% sa tSualainn agus 7.6% san Eastóin. Tháinig an laghdú is mó i dtéarmaí céatadáin ar cheardchumainn sa Liotuáin, san Eastóin, sa tSlóvaic, i bPoblacht na Seice agus sa Pholainn ó thaobh ballraíochta de ón mbliain 2000 i leith, agus tháinig méadú ar bhallraíocht na gceardchumann sa Spáinn, sa Chipir, sa Ghréig, sa Bheilg agus san Iodáil. Mar sin féin, is í an Bheilg an t-aon tír amháin nár tháinig laghdú ar sciar na gcomhaltaí ceardchumainn i measc na n-oibrithe uile.

Maidir le cumainn na bhfostóirí, is iad araíonacht agus comhtháthú na gnéithe is tábhachtaí, seachas ballraíocht. Tá líon na gcónaidhmeanna fostóirí náisiúnta níos mó ná líon na gcónaidhmeanna ceardchumainn náisiúnta san AE. Ar an leibhéal earnála, bíonn difríocht níos mó idir cumainn na bhfostóirí agus níos mó acu ann ná mar is amhlaidh i gcás na gceardchumann. In go leor cásanna, ní cómhargáil an príomhról atá acu a thuilleadh. Tá seirbhísí agus brústocaireacht i bhfad níos feiceálaí anois. Tá lárú eagraíochtúil na bhfostóirí níos lú ná lárú na gceardchumann i ngach Ballstát de thoradh ar údarás níos ísle agus ar scoilteadh níos mó i gcás eagraíochtaí na bhfostóirí.

Tá trí eagraíocht a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí ar an leibhéal Eorpach. Is é BusinessEurope an eagraíocht ghinearálta le haghaidh gnólachtaí i ngach earnáil den gheilleagar atá faoi úinéireacht phríobháideach. Déanann Cumann Eorpach na bhFiontar Ceardaíochta, Beag agus Meánmhéide (UEAPME) ionadaíocht thar ceann gnólachtaí beaga agus meánmhéide san Eoraip. Déanann an tIonad Eorpach um Fhiontair le Rannpháirtíocht Phoiblí agus Fiontair de Leas Eacnamaíoch i gCoitinne (CEEP, Centre européen des entreprises publiques) ionadaíocht thar ceann fiontar agus eagraíochtaí le rannpháirtíocht phoiblí nó thar ceann fiontar agus eagraíochtaí a thugann faoi gníomhaíochtaí a bhfuil leas eacnamaíoch i gcoitinne i gceist leo.

Ar an leibhéal earnála, tá éagsúlacht níos mó fós ann i measc eagraíochtaí fostóirí na hEorpa. Níl ach mionlach de na heagraíochtaí sin ina n-eagraíochtaí fostóirí sa chiall bheacht áfach. Den chuid is mó, bíonn eagraíochtaí mar sin le fáil sna hearnálacha sin inar forbraíodh comhphlé sóisialta earnála (féach Caibidil 6).

Tá dlús na n-eagraíochtaí fostóirí níos mó ná dhá uaire dhlús na gceardchumann, ach cé go bhfuil an chosúlacht ann go bhfuil leibhéal na n-eagraíochtaí fostóirí san AE cobhsaí ard, tá dúshláin roimh chumainn fostóirí de thoradh athruithe sa timpeallacht ina mbíonn siad ag feidhmiú, amhail cumasc náisiúnta agus trasnáisiúnta gnólachtaí, béim níos mó ar mhargáil cuideachtaí seachas margáil earnála, agus brú maidir le héifeachtacht níos mó a bhaint amach san ionadaíocht Eorpach agus dhomhanda.

Bíonn difríochtaí móra maidir le ról, cumhdach agus éifeachtacht na cómhargála ar fud Bhallstáit an AE. Tá tromlach mór dhá thrian d'fhostaithe Eorpacha cumhdaithe ag comhaontuithe comhchoiteanna, ach lean dílárú an tsocraithe iarbhír pá ar aghaidh agus tá leasú á dhéanamh níos mó agus níos mó ar chomhaontuithe earnála ag comhaontuithe agus socruithe ar leibhéal na gcuideachtaí.

Mar a tugadh le fios sa tuarascáil Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2008, is é ráta na n-eagraíochtaí fostóirí seachas an ráta ceardchumannaithe atá cinntitheach maidir le cumhdach cómhargála. Tarlaíonn cumhdach margála ard faoi mhargáil ilfhostóirí, agus is gá eagraíochtaí fostóirí a bheith ann chuige sin a bhfuil údarás acu chun comhaontuithe a chaibidliú le hionadaithe na bhfostaithe.

Is príomhghné de na córais chaidrimh thionsclaíoch Eorpacha é ionadaíocht reachtúil fostaithe ar leibhéal na cuideachta. Tá na forálacha dlíthiúla bunaithe ar Threoir 2002/14/CE maidir le faisnéis agus comhairliúchán. Tá cóineasú áirithe i dtreo raon ceart níos leithne le feiceáil, ach mar sin féin tá imní ann nach bhfuil comhairlí fostaithe agus comhlachtaí ionadaíochta fostaithe chomh cumhachtach agus a bhíodh siad tráth de thoradh ar chumaisc trasteorann agus méadú ar thógáil rioscaí airgeadais.

Tá baint ag an stát le caidreamh tionsclaíoch ar bhealaí éagsúla. Féadann an stát tionchar a imirt ar chinntí maidir le pá, uaireanta agus dálaí oibre. Luaitear idirghabháil rialtais le pánna íosta reachtúla, síneadh ar chomhaontuithe comhchoiteanna agus caibidlíocht maidir le comhaontuithe le comhpháirtithe sóisialta. Is iondúil go dtéann idirghabháil dhíreach ón rialtas in ionad comhordaithe ag na comhpháirtithe sóisialta iad féin.

Caibidil 2: An ghéarchéim: dúshláin agus dearcadh na gcomhpháirtithe sóisialta

Ba dhúshlán í an ghéarchéim eacnamaíochta do na córais chaidrimh thionsclaíoch Eorpacha nach bhfacthas riamh cheana. Chuir an ghéarchéim eacnamaíochta agus airgeadais dúshláin ollmhóra faoi ghníomhairí agus institiúidí caidrimh thionsclaíoch ar fud an AE. I lár agus in oirdheisceart na hEorpa, ba thriail dheacair a bhí sa ghéarchéim ba mheasa ón athrú chuig geilleagar an mhargaidh fiche bliain roimhe sin do na hinstitiúidí caidrimh thionsclaíoch a bunaíodh ón uair sin i leith.

Cé go raibh difríochtaí maidir le méid an chúlaithe agus an uair a tharla sé i measc na mBallstát, tháinig laghdú níos mó ná 5 % ar OTI an AE idir an chéad leath den bhliain 2008 agus an chéad sé mhí den bhliain 2009. Níor thosaigh an fás arís go dtí tús na bliana 2010. Bhí déine na géarchéime éagsúil i dtíortha difriúla, ó laghdú 15 % san OTI sna stáit Bhaltacha go fás beag sa Pholainn. Bhí difríochtaí maidir le tús an chúlaithe agus an t-am a thosaigh an fás nua sna Ballstáit freisin.

I bhformhór na dtíortha, tháinig laghdú níos lú ar thomhaltas príobháideach ná an laghdú san OTI, agus dá bhrí sin bhí cumhacht ceannaigh ina gné thábhachtach maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a choinneáil. Léirigh an treocht sa tomhaltas na forbairtí pá suas go deireadh na bliana 2009, le fíorfhás pá de 1.4% san AE in 2009. Contrártha don treocht seo, tháinig laghdú ar phá, laghdú mór uaireanta, sna stáit Bhaltacha, in Éirinn, sa Ghréig agus san Ungáir agus go bunúsach d'fhan siad mar an gcéanna sa Ghearmáin, san Fhrainc, sa tSualainn agus sa RA.

Bhí fás sna costais ainmniúla saothair san AE níos ísle in 2009 ná mar a bhí sé in 2008, ach bhí sé 1.5 uair níos mó ná an fás sa phá ainmniúil. Tháinig titim 2.5% ar tháirgiúlacht ar fud an AE in 2009, agus tháinig méadú 3.0 % ar chostas an aonaid saothair i dtéarmaí réadacha in 2009. Bhí tionchar ollmhór ag an ngéarchéim ar chúrsaí airgeadais phoiblí sna Ballstáit.

Ar fud an AE, tháinig méadú ar na heasnaimh phoiblí ó 2.3% den OTI in 2008 go 6.8 % in 2009; in 11 Bhallstát, tháinig méadú os cionn 5 % den OTI ar an easnamh.

Go ginearálta, ní raibh iarmhairtí fostaíochta na géarchéime san AE chomh dian agus a bhféadfaí a bheith ag súil leis. Tháinig titim 2.5% ar fhostaíocht ar fud an AE idir an dara ráithe in 2008 agus an dara ráithe in 2010, níos lú ná leath den laghdú san OTI. Tháinig méadú ar dhífhostaíocht chuig 9.6%, an ráta is airde riamh, i ngach ceann den chéad trí ráithe in 2010. Chuathas i ngleic leis an gcúlú trí sholúbthacht inmheánach cuideachtaí go mór mór, le laghdú ar líon na n-uaireanta a oibríodh seachas le hiomarcaíocht. Bhí ról suntasach ag scéimeanna oibre gearr-ama agus coigeartuithe eile ar an am oibre a

comhaontaíodh ar bhonn comhchoiteann ar an toradh seo (féach Caibidil 3).

Bhí éagsúlacht i gceist le méid agus uainiú na titime san fhostaíocht i measc na dtíortha, le toradh thar a bheith crua sna stáit Bhaltacha, in Éirinn agus sa Spáinn, áit a raibh titim fostaíochta a bhí ar aon dul leis an titim san OTI nó níos mó. Bhí caillteanas post níos airde i gceist le hoibrithe a fostaíodh ar chonarthaí sealadacha ná le hoibrithe ar chonarthaí neamhiata nó buana.

Dhá phríomhghné is cúis leis na torthaí éagsúla sna forbairtí eacnamaíocha agus fostaíochta. Tharla cineálacha éagsúla cúlaithe sna geilleagair, cineál amháin lena bhunús in earnáil na tógála agus na réadmhaoine, a chruthaigh caillteanas post láithreach, nó cineál a cruthaíodh de thoradh ar theip i muinín gnó agus trádála, a d'imir tionchar ar mhonaraíocht den chuid is mó. Bhí freagairtí difriúla ag na comhpháirtithe sóisialta agus ag na húdaráis phoiblí ar an ngéarchéim agus d'fhéadfadh sé seo na torthaí a mhíniú (féach Caibidil 3).

Bhí difríochtaí tábhachtacha earnála ann maidir le tionchar an chúlaithe. Bhí an tionchar ba mheasa ann san earnáil thionsclaíoch, cé go ndearnadh an laghdú sna gníomhaíochtaí a fhritháireamh trí líon na n-uaireanta a oibríodh a laghdú, sa chaoi agus go raibh an titim san fhostaíocht monaraíochta cuid mhaith níos lú ná an laghdú san aschur. Sa tréimhse ba mheasa den ghéarchéim, chabhraigh seirbhísí poiblí chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chothú, ach tá seans maith ann go gcuirfidh bearta déine sna buiséid deireadh le ról seo na hearnála poiblí.

Tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar chomhaontú ag an tús go raibh bearta spreagthachta poiblí riachtanach, cé go raibh difríochtaí ann faoin mbéim. Bhí sé mar thosaíocht ag eagraíochtaí fostóirí rochtain ar chreidmheas a chinntiú do chuideachtaí, chomh maith le bearta chun costais saothair a laghdú agus laghduithe ar chúrsaí cánach. Mhol na ceardchumainn spreagadh fioscach níos mó, agus bearta chun cumhacht ceannaigh a choinneáil agus borradh a chur faoi infheistíocht phoiblí.

Bhí éagsúlacht mhór i gceist le méid an chomhdhearcaidh agus an choinbhleachta i measc na mBallstát. In 12 thír, bhí comhdhearcadh chun tosaigh. I measc na dtíortha seo tá Ballstáit AE-15 ina bhfuil institiúidí comhphlé shóisialta láidre. I dtíortha eile, bhí comhdhearcadh chun tosaigh i bpáirt ar a laghad, sa chás inar úsáideadh struchtúir thríthaobhacha agus/nó inar chruthaigh na comhpháirtithe sóisialta comhchlár oibre. In 11 thír, thug easaontuithe an lá leo. Ní féidir an tús áite a bhí ag comhdhearcadh nó ag coinbhleacht a mhíniú bunaithe ar dhéine na géarchéime ná ar na difríochtaí sna córais chaidrimh thionsclaíoch. Áirítear orthu seo Ballstáit ina bhfuil institiúidí comhphlé shóisialta atá lag i gcomparáid le tíortha eile, ach tíortha ina raibh córais chaidrimh thionsclaíoch níos láidre iontu go traidisiúnta freisin. Mar sin, ó thaobh an tionchair institiúidigh de, sáraíonn na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na tíortha an t-idirdhealú idir na 'sean' Bhallstáit agus na cinn 'nua'.

Caibidil 3: Ag teacht tríd an ngéarchéim: freagairtí na gcomhpháirtithe sóisialta

Bhí ról feiceálach ag fostóirí agus ag ceardchumainn maidir le haghaidh a thabhairt ar thionchar na géarchéime trí bhíthin phróisis chomhphlé shóisialta. Tá difríochtaí suntasacha ann idir tíortha agus earnálacha áfach. Is cosúil go raibh tionchar níos mó ag na difríochtaí sa staid eacnamaíoch ar phatrún na bhfreagairtí a comhaontaíodh ar an leibhéil earnála ná mar a bhí idir tíortha. Tá suntas ag baint le tionchar na n-institiúidí caidrimh thionsclaíoch, chomh maith leis an mbeartas poiblí agus a mhéad agus go mbíonn baint ag na comhpháirtithe sóisialta leis. I bhformhór na mBallstát, rinneadh na comhpháirtithe sóisialta trastionscail iarracht chun teacht ar chomhaontú maidir le bearta chun dul i ngleic leis an ngéarchéim. Rinneadh iarrachtaí go follasach chun comhaontuithe náisiúnta déthaobhacha nó tríthaobhacha a chaibidliú in 16 Bhallstát a raibh sé mar aidhm leo dul i ngleic leis an ngéarchéim. Cé go raibh cuid acu dírithe ar cheisteanna fostaíochta amhail obair ghearr-ama nó nuachóiriú pá den chuid is mó, phléigh cuid eile acu le raon beart níos leithne.

Ní raibh méid na géarchéime sna Ballstáit cinntitheach maidir le cibé acu ar éirigh leis na hiarrachtaí caibidlíochta nó nár éirigh, ach bhí ról tábhachtach ag an mbeartas poiblí. Chuir na córais chosanta sóisialta agus beartais chuimsithe gníomhaigh a bhí ann cheana féin bonnlíne tacaíochta ar fáil i rith na géarchéime. Bhí na comhpháirtithe sóisialta in ann réitigh a thógáil orthu seo. Chomh maith leis an ról soiléir a bhíonn ag rialtais maidir le comhaontuithe tríthaobhacha a thabhairt i gcrích, bhí ról tábhachtach acu go minic maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhaontuithe déthaobhacha.

Bhí tionchar ag cleachtais thraidisiúnta ar chomhaontuithe chun freagairt a thabhairt ar an ngéarchéim ar an leibhéal earnála agus bhí comhaontuithe ar leibhéil cuideachtaí níos forleithne fós. Tá caibidlíochtaí ar

leibhéal earnála teoranta do ghrúpa tíortha ina bhfuil socruithe margála ilfhostóirí seanbhunaithe iontu. Bíonn siad le feiceáil sna hearnálacha monaraíochta den chuid is mó freisin, agus ba bheag fianaise a bhí ann ar chaibidlíochtaí in earnálacha na seirbhísí príobháideacha. Ar leibhéal na gcuideachtaí, tá comhaontuithe a théann i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime dáilte thar raon tíortha níos leithne.

Cé gur tháinig fás suntasach ar an bhfíorphá in 2009, tháinig fás i bhfad níos moille ar an meántuilleamh. Sa chuid is mó de na Ballstáit, d'ísligh an ghéarchéim na méaduithe pá comhaontaithe ar an meán, ach b'annamh go raibh méid mór i gceist. Mar gheall ar laghdú sa bhoilsciú, bhí méaduithe níos mó san fhíorphá. Ach bhí tionchar níos mó ann ar an tuilleamh iarbhír ná mar a bhí sna bunrátaí pá a socruithe sna comhaontuithe comhchoiteanna, de thoradh ar laghdú sna huaireanta oibre agus/nó gearradh siar ar ghnéithe den luach saothair.

San earnáil monaraíochta, tugadh bearta isteach i gcomhaontuithe sainearnála atá dírithe ar dhul i ngleic le hiarmhairtí an chor chun donais ar an ngeilleagar agus mar chuid de chomhaontuithe 'ginearálta' ina ndéileáiltear le cúrsaí pá agus coinníollacha fostaíochta. Ba í obair ghearr-ama an príomhthéama, ach rinneadh freagraí nuálacha eile amhail 'léasú fostaithe' a mheas freisin. Bhain mórán comhaontuithe le hobair ghearr-ama, go heisiach nó i bpáirt. Bhain roinnt eile le 'margáil lamháltais', ina ndearnadh comhbhabhtáil le ráthaíocht fostaíochta de chineál éigin i gcomaoin sholúbthacht na bhfostaithe ó thaobh pá agus dálaí de.

Dhírigh comhaontuithe arna dtreorú ag cuideachtaí san earnáil seirbhísí ar lamháltais maidir le pá agus dálaí oibre, agus níor luadh obair ghearr-ama mórán iontu. Bhain na comhaontuithe le hearnáil na heitlíochta sibhialta agus na hearnálacha poist agus teileachumarsáide den chuid is mó. Bhain breis agus aon trian de na comhaontuithe le clár laghdaithe costas cuideachtaí agus rinneadh foráil iontu do raon íobairtí ag fostaithe gan ráthaíochtaí fostaíochta a fháil mar mhalairt. Rinneadh foráil i leath de na comhaontuithe eile do laghduithe pá nó do chalcadh pá, ach i gcomaoin ráthaíochtaí maidir le fostaíocht.

Is iad roghanna straitéiseacha sainiúla na gcomhpháirtithe sóisialta is cúis le mórán den éagsúlacht thrastíortha atá le feiceáil. Tá an méid sin soiléir i gcás na mBallstát nua nach raibh comhaontuithe curtha i gcrích iontu cheana agus i dtíortha an AE-15 nach bhfuil comhaontuithe curtha i gcrích iontu cé go bhfuil an cumas institiúide ann a leithéid a dhéanamh.

Tá sé le tuiscint ó phatrún na gcomhaontuithe ar leibhéal earnála agus cuideachta gur cruthaíodh straitéisí comhpháirtithe sóisialta de réir socruithe institiúideacha i gcomhair caidreamh tionsclaíoch chomh maith le hidirghabháil beartas poiblí i bhfoirm scéimeanna oibre gearrama reachtúla.

I roinnt Ballstát, rinneadh comhaontuithe comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal trastionscail den chéad uair de thoradh na géarchéime. A mhéid is a spreag an ghéarchéim freagairtí caibidlithe nó comhbheartaithe, i gcásanna ina bhféadfadh rialtais nó fostaithe gníomhú leo féin murach í, is saincheist í inbhuaine comhaontuithe den sórt sin, go háirithe i roinnt tíortha i lár agus in oirthear na hEorpa nach bhfuil taithí ar a leithéidí iontu cheana. Níl sé le tuiscint faoi láthair go bhfuil sé beartaithe ag na comhpháirtithe tuilleadh caibidlíochtaí nó comhaontuithe a dhéanamh, ach ní féidir leis na comhpháirtithe an próiseas a aisiompú ach an oiread. Ar leibhéal earnála, tá forálacha trína bhfeabhsaítear an inniúlacht chun pá a shocrú ar leibhéal cuideachta ina gné shuntasach. Seans go bhfeicfí amach anseo go bhfuil an ghéarchéim tar éis na treochta fadtéarmaí i dtreo díláraithe a luathú a thuilleadh.

Caibidil 4: Solúbthacht pá agus pá íosta

Tá solúbthacht pá tar éis a bheith ina gné díospóireachta thábhachtach le linn na géarchéime eacnamaíochta. Braitheann méid na solúbthachta pá go mór ar fhachtóirí amhail leibhéal agus raon na cómhargála, an caidreamh cumhachta idir ceardchumainn agus fostaithe, úsáid córas pá a bhaineann le feidhmíocht agus an pá íosta. Baineann solúbthacht pá leis an tionchar a bhíonn ag fórsaí an mhargaidh ar chúrsaí pá. Bhí tábhacht bhreise ag baint leis an díospóireacht sin faoi sholúbthacht pá le linn na géarchéime eacnamaíochta.

Tá éagsúlacht mhór ag baint le méid an díláraithe sa margáil faoi phá idir Bhallstáit. I mórán tíortha, tháinig luathú ar an treocht le déanaí i dtreo socruithe chun pá a leagan síos a dhílárú agus i dtreo margála ag cuideachtaí agus fostaithe aonair le linn na géarchéime eacnamaíochta. De ghnáth, bíonn margáil níos láraithe san earnáil phoiblí ná mar a bhíonn sí san earnáil phríobháideach. Faightear dálaí oibre agus pá níos cothroime de thoradh margáil níos láraithe. Ina theannta sin, tá céatadán na bhfostaithe atá cumhdaithe faoi chomhaontú a ndearnadh cómhargáil air i dtíortha ina bhfuil margáil níos láraithe i bhfad níos mó ná mar atá sé i dtíortha ina bhfuil margáil ar leibhéal na cuideachta ceannasach.

Baintear úsáid níos mó as córais phá athraitheacha chun gnéithe breise de sholúbthacht pá a sholáthar. Tá córas pá athraitheach (CPA) de chineál éigin ag breis agus leath de na hoibrithe san AE, arna éascú ag dílárú na margála faoi phá. Cé go mbíonn dearcadh dearfach ag fostaithe maidir le CPA de ghnáth, bíonn dearcaí éagsúla ag ceardchumainn ina leith. Féachann roinnt ceardchumann ar CPA mar bhealach chun cion a thabhairt d'oibrithe i bhfeidhmiú na cuideachta, cé go mbíonn faitíos ar roinnt eile go gcruthódh CPA míchothromaíocht pá níos mó agus go mbainfí an bonn ón bprionsabal de phá cothrom ar obair chothrom.

Bíonn tionchar ag pá íseal ar oibrí amháin as gach deichniúr oibrithe san AE, agus go ginearálta is fadhb níos mó é pá íseal i dtíortha ina bhfuil struchtúir margála níos díláraithe agus cumhdach cómhargála íseal.

I mórán tíortha, ní raibh ach iarmhairt theoranta ag an bpá íosta reachtúil ar mhinicíocht pá íseal iontu. Tá pá íosta reachtúil ag fiche Ballstát. Cé go bhfuil leibhéil éagsúla i dtíortha éagsúla, tháinig laghdú beag ar an mbearna idir na Ballstáit i lár agus in oirthear na hEorpa agus an AE-15 le blianta beaga anuas. Dá ainneoin sin, tá pá íosta reachtúil ag na seacht dtír ina bhfuil an méid is airde pá íseal le brath. Ina theannta sin, i mbreis is leath de na tíortha, tháinig laghdú ar luach an phá íosta i gcomparáid leis an meánphá le linn na deich mbliana seo a chuaigh thart.

Sna tíortha sin nach bhfuil pá íosta reachtúil acu, socraítear an teorainn pá trí chómhargáil. Sa chuid is mó de na tíortha sin, ní fadhb fhorleathan é pá íseal. Is í an Ghearmáin an eisceacht is mó, ina bhfuil líon na bpánna ísle os cionn mheán an AE, cé gur féidir leis an rialtas pá íosta arna chomhaontú ar bhonn comhchoiteann a dhéanamh ceangailteach ar fud earnáil iomlán, agus tá pánna íosta reachtúla dá leithéid i roinnt earnálacha anois.

Caibidil 5: Caidreamh tionsclaíoch agus an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin

Is é an t-athrú aeráide ceann de na bagairtí is mó atá os comhair an phláinéid. Aithníodh an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin mar riachtanas lena mbaineann costais agus deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha.

Féadfaidh comhphlé sóisialta cabhrú chun comhdhearcadh a chruthú don aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus cur le haistriú atá dea-bhainistithe agus cóir go sóisialta. Féadfaidh comhpháirtithe sóisialta nuálaíocht a éascú agus réitigh le haghaidh an athraithe a chaibidliú atá chun leasa oibrithe agus gnóthaí.

Tá an tAontas Eorpach tiomanta do ghníomh áitiúil agus domhanda chun an t-athrú aeráide a rialú. Tá gach Ballstát tar éis a mheascán beartas inmheánach féin a chur ar bun freisin. Cuireadh luas faoi na hiarrachtaí sin nuair a glacadh an phacáiste Eorpaigh um athrú aeráide in 2008. Daingnítear na gealltanais sin in *Eoraip 2020* agus cuirtear tacar comhtháite beartas ar fáil chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach.

Beidh athrú struchtúrach i gceist chun an geilleagar iomlán a dhéanamh níos glaise seachas díreach poist ghlasa nua. Ba cheart go mbeadh iarmhairt bheag ach beagán dearfach ag an athrú sin ar an leibhéal fostaíochta iomlán, cé go mbeidh tionchair éagsúla aige ar fud earnálacha, cineálacha scileanna agus réigiúin. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí riachtanais scileanna sa todhchaí, córais um fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus próisis athstruchtúraithe dea-bhainistithe a réamh-mheas.

Tá an geilleagar ísealcharbóin tar éis teacht isteach i gclár oibre an chomhphlé shóisialta, ach tá sé imeallach i gcónaí. Bíonn rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta sa gheilleagar ísealcharbóin éagsúil ó thír go tír ag brath ar eagrúchán na gcaidreamh tionsclaíoch agus ar an líon blianta a bhfuil suim ag údaráis phoiblí, comhpháirtithe sóisialta agus an pobal san athrú aeráide.

Gníomhaíonn comhpháirtithe sóisialta trí dhul i gcion ar cheapadh beartais, lena n-áirítear a dtograí beartais féin, den chuid is mó. Is annamh a phléann gnáthchomhlachtaí comhphlé sóisialta tripháirteach le saincheisteanna an gheilleagair ísealcharbóin ar bhealach córasach. Ach, i mórán Ballstát, glacann comhpháirtithe sóisialta páirt i gcomhlachtaí comhairleacha, amhail comhairlí forbartha inbhuanaithe, mar aon le geallsealbhóirí eile. Pléann roinnt díobh go díreach leis na hiarmhairtí fostaíochta a bheadh i gceist le todhchaí ísealcharbóin.

Is annamh a phléann cómhargáil le saincheisteanna a bhaineann leis an ngeilleagar ísealcharbóin. Ach is cosúil go bhfuil comhphlé sóisialta ar leibhéal na cuideachta maidir le cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh ag forbairt de réir a chéile. Bíonn faisnéis, comhairliúchán agus uaireanta cearta caibidlíochta ag roinnt ionadaithe oibrithe ina leith sin.

Ina theannta sin, rannchuidíonn comhpháirtithe sóisialta le cur chun feidhme beartas agus cleachtas ísealcharbóin.

Sa chuid is mó de na Ballstáit, tarlaíonn an rannchuidiú díreach sin trí bhíthin oiliúna agus comhairlithe, feachtais mhúscailte feasachta agus taighde agus nuálaíochta, go minic i gcomhar le húdaráis phoiblí.

Tá an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin á phríomhshruthú isteach i réimse inniúlachta na gcomhpháirtithe sóisialta, go háirithe ina mbeartais athstruchtúraithe agus scileanna. Is é an stát an phríomhghníomhaí san aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus slógann sé ionstraimí rialála, margaidh agus airgeadais. Is i mbainistiú na n-impleachtaí fostaíochta a bhfuil inniúlacht dhíreach ag na comhpháirtithe sóisialta.

Ar leibhéal an AE, tá sé soiléir go bhfuil na comhpháirtithe sóisialta tiomanta d'idirphlé ar impleachtaí eacnamaíocha agus fostaíochta an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin.

Bíonn tionchar ag comhpháirtithe sóisialta Eorpacha ar cheapadh beartais agus tá siad tar éis tosú ar iniúchadh a dhéanamh ar na hiarmhairtí fostaíochta agus na deachleachtais lena mbaineann. Tá na comhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha tar éis suim mhór a léiriú i mbeartais a bhaineann leis an athrú aeráide agus tá siad tar éis seasamh a ghlacadh maidir leis na himpleachtaí a bhíonn acu ar fhostaíocht. Tacaíonn CEC le 'haistriú cóir' atá bunaithe ar chomhphlé sóisialta tripháirteach, poist mhaithe agus ghlasa, infheistíocht, scileanna glasa, ina gcuirtear béim ar athrú a réamh-mheas agus a bhainistiú, agus ar chearta sínte maidir leis an tsláinte agus leis an gcomhshaol a chosaint san ionad oibre. Tacaíonn BusinessEurope le margaí saothair níos solúbtha mar aon le seirbhísí fostaíochta poiblí éifeachtúla, beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus oiliúint. Ní mór réamh-mheas na riachtanas scileanna amach anseo a fheabhsú, agus ní foláir scileanna eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaiticiúla a chothú. Díríonn CEEP agus UEAPME níos mó ar réimsí an fhuinnimh (éifeachtúlacht fuinnimh) agus an iompair, agus tá siad tar éis cur leis an díospóireacht ar fhostaíocht agus scileanna sa gheilleagar ísealcharbóin. Tá comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i sé earnáil — lena gcuimsítear gás agus leictreachas, adhmad, agus na tionscail eastóscacha — tar éis comhthuairimí a ghlacadh d'fhonn aird a tharraingt ar ábhair imní shainiúla a n-earnálacha.

Tá comhpháirtithe sóisialta Eorpacha tar éis tosú ar staidéar a dhéanamh ar iarmhairtí an aistrithe chuig geilleagar ísealcharbóin agus na ndea-chleachtas bainteach ina n-idirphlé dépháirteach uathrialaitheach. Tá CEC, BusinessEurope, CEEP agus UAEPME tar éis comhthaighde a sheoladh ar ghné fostaíochta na mbeartas a bhaineann leis an athrú aeráide agus tá sé beartaithe acu comhdhearcadh a fhorbairt ar an ábhar sin d'fhonn measúnú a dhéanamh ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus tátail a bhaint maidir leis na hiarmhairtí d'fhostaíocht agus scileanna. Tá comhpháirtithe sóisialta Eorpacha in ocht n-earnáil (m.sh. leictreachas) tar éis gníomhaíochtaí comhchosúla a sheoladh.

I roinnt comhaontuithe cuideachta trasnáisiúnta pléitear le caomhnú an chomhshaoil agus le saincheisteanna aeráide, ach go dtí seo níl aon rialáil uathrialaitheach dhépháirteach ar leibhéal Eorpach le feiceáil.

Caibidil 6: Forbairtí sa chomhphlé sóisialta Eorpach 2008–10

Bhí an ghéarchéim eacnamaíochta mar an príomhábhar a pléadh i mórán coistí comhphlé sóisialta Eorpach.

Bhí a mhalairt de scéal ar fad ar 'an scéal a fhágáil mar atá' sa chomhphlé sóisialta Eorpach le dhá bhliain anuas. Rinneadh roinnt gníomhaíochtaí comhpháirteacha de thoradh pléití faoin ngéarchéim ach bhí roinnt easaontais ann chomh maith. I Márta 2009, theip ar an gCoiste Comhphlé Sóisialta Trastionscail comhaontú ar dhearbhú comhpháirteach toisc go raibh difríochtaí bunúsacha tuairime ann faoi na cúiseanna leis an ngéarchéim eacnamaíoch agus na bearta atá riachtanach chun dul i ngleic leis. Chomhaontaigh roinnt coistí comhphlé sóisialta earnálacha ar dhearbhuithe comhpháirteacha, lena n-áirítear na cinn sin maidir leis an tionscal ceimiceán, foirgníocht, iompar ar bhóithre, tráchtáil, léiriú beo, rialtas réigiúnach agus áitiúil, adhmadóireacht agus troscáin.

Chuir mórán comhpháirtithe sóisialta Eorpacha agus náisiúnta, ar leibhéal trastionscail agus earnála, leis an gcomhairliú poiblí ar an straitéis '*Eoraip 2020*'. I Meitheamh 2010, ghlac an Coiste Comhphlé Sóisialta Trastionscail ráiteas comhpháirteach, inar léiríodh a thuairim go mbeidh roinnt cuspóirí ríthábhachtach i gcomhair téarnamh geilleagrach rathúil: athchóiriú an chórais airgeadais dhomhanda, dinimic fháis a athbhunú agus a fheabhsú chun níos mó post agus poist níos fearr a chruthú, scileanna agus fiontraíocht a chur chun cinn, an margadh aonair a athbheochan, beartas tionsclaíoch comhtháite san AE a fhorbairt, tacú le bealaí nua maoinithe le haghaidh infheistíochta, agus dul i ngleic le bochtaineacht agus neamhionannas, i measc eile. Aithnítear comhtháthú sóisialta iontu mar réamhchoinníoll le haghaidh geilleagar dinimiciúil agus inbhuanaithe.

Tugadh tábhacht faoi leith d'obair ar bhainistiú an athraithe sa chomhphlé sóisialta Eorpach. Thug na comhpháirtithe sóisialta trastionscail tionscadal cúig bliana chun críche ina ndearnadh iniúchadh ar a ról in athstruchtúrú eacnamaíoch san AE. Rinneadh an Coiste Comhphlé Sóisialta don Tionscal Ceimiceán staidéar ar athstruchtúrú san earnáil, agus d'fhoilsigh an Coiste Comhphlé Sóisialta um Leictreachas sraith straitéisí i gcomhair athstruchtúraithe atá freagrach go sóisialta.

Shínigh na comhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha comhaontú uathrialaitheach ar mhargaí saothair cuimsitheacha. Is é aidhm an chomhaontaithe, a chuirfear i bhfeidhm faoi fhreagracht na gcomhpháirtithe sóisialta náisiúnta laistigh de thrí bliana, úsáid iomlán a bhaint as acmhainneacht fhórsa saothair na hEorpa, caighdeán poist a fheabhsú agus rátaí fostaíochta a mhéadú i bhfianaise aosú an daonra. Cumhdaítear ann daoine a mbíonn deacrachtaí acu agus iad ag dul isteach sa mhargadh saothair, ag filleadh air nó ag comhtháthú isteach ann agus na daoine sin atá fostaithe ach a bhfuil baol ann go gcaillfidh siad a bpost.

Tá scileanna agus oiliúint fós ina bpríomhréimse don chomhphlé sóisialta Eorpach. Bhí coistí comhphlé sóisialta Eorpach in 16 earnáil gníomhach sa réimse sin. Go háirithe, in 2009 shínigh na comhpháirtithe sóisialta in earnáil na seirbhísí pearsanta comhaontú uathrialaitheach lenar éascaíodh comparáid idir cáilíochtaí agus soghluaisteacht thrasteorann. Tá coistí comhphlé sóisialta na n-earnálacha talmhaíochta agus fáilteachais ag obair ar thionscnaimh chun trédhearcacht agus comhoiriúnacht scileanna agus cáilíochtaí a fheabhsú. Léirigh cúig choiste comhphlé sóisialta earnálacha suim i gcomhairlí earnála Eorpacha a bhunú le haghaidh post agus scileanna.

Tá ról ríthábhachtach ag na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha sa dara céim den chlár oibre maidir le solúbthacht agus socracht. Tá siad tiomanta do chómhonatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme phrionsabail na solúbthachta agus na socrachta, do ról agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta a mheas, agus do chomhthátail a bhaint as.

D'fhan sláinte agus sábháilteacht ina réimse gníomhaíochta tábhachtach do mhórán coistí comhphlé sóisialta Eorpach. Rinne na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha in earnáil na n-ospidéal agus an chúraim shláinte comhaontú a chaibidliú maidir le cosaint i gcoinne gortuithe géara, a bhfuil sé d'aidhm aige gortuithe d'oibrithe a tharlaíonn de bharr cineálacha éagsúla oibiachtaí míochaine géara (lena n-áirítear biorpholladh) a chosc. Chun na críche sin, tá sé beartaithe cur chuige comhtháite a ghlacadh i leith rioscaí a mheas agus a chosc, agus i leith oiliúint agus eolas a thabhairt d'oibrithe. Sheol Coiste Comhphlé Sóisialta na Seirbhísí Pearsanta caibidlíochtaí ar chomhaontú réime maidir le rioscaí don tsláinte a chosc in earnáil na gruagaireachta.

D'fhan soghluaisteacht ina ábhar tábhachtach don Choiste Comhphlé Sóisialta Trastionscail agus d'earnálacha ina bhfuil lucht oibre an-soghluaiste. Chomhoibrigh an Coiste Comhphlé Sóisialta Trastionscail ar iarmhairtí rialuithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sna cásanna *Viking, Laval, Rüffert* agus *Luxembourg* a bhain le saoirsí eacnamaíocha agus cearta sóisialta bunúsacha oibrithe. Cé gur chomhaontaigh siad ar na príomhcheisteanna a aithint, léirigh siad difríochtaí soiléire tuairime maidir le hiarmhairtí na rialuithe agus na ngníomhartha amach anseo. Rinneadh soghluaisteacht a phlé sna Coistí Earnálacha um Uiscebhealaí Intíre, Foirgníocht, Ospidéil, Talmhaíocht, Slándáil Phríobháideach agus Gníomhaireachtaí Sealadacha.

I réimse an chomhionannais, rinne na comhpháirtithe sóisialta trastionscail Eorpacha comhaontú réime AE athbhreithnithe a chaibidliú maidir le saoire thuismitheoirí. Cuireadh an comhaontú réime athbhreithnithe chun feidhme mar Threoir 2010/18/AE, ina bhforáiltear go mbeidh gach tuismitheoir in ann saoire cheithre mhí a thógáil ina aghaidh an linbh, chomh maith le mí amháin a bheidh neamh-inaistrithe idir an bheirt tuismitheoirí. Beidh feidhm ag na cearta i leith gach oibrí ar neamhaird don chineál conartha atá acu, agus beidh sé de cheart ag fostaithe atá ag filleadh ó shaoire thuismitheoirí athruithe ar a sceideal oibre a iarraidh ar feadh tréimhse socraithe ama.

Shínigh cúig earnáil treoirlínte maidir le foréigean tríú páirtí. Tar éis shíniú an chomhaontaithe réime de chomhpháirtithe sóisialta trastionscail maidir le ciapadh agus foréigean san áit oibre in 2007, ghlac na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha in earnáil na n-ospidéal, earnáil na rialtas réigiúnach agus áitiúil, san earnáil tráchtála, san earnáil slándála príobháidí agus san earnáil oideachais treoirlínte ilearnála chun dul i ngleic le ciapadh agus foréigean tríú páirtí a bhaineann leis an obair.

Thug an Coimisiún breis agus 10 mbliana de chomhphlé sóisialta earnálach Eorpach faoi deara. Tar éis breis agus deich mbliana de thaithí ar chomhphlé sóisialta earnálach Eorpach, d'fhoilsigh an Coimisiún doiciméad oibre foirne ina ndéantar feidhmiú na gcoistí comhphlé sóisialta earnálacha a mheas agus ina moltar feabhsuithe

féideartha. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún na comhpháirtithe sóisialta earnálacha náisiúnta agus Eorpacha a spreagadh chun úsáid iomlán a bhaint as a réimse caibidlíochta, a gcumas riaracháin a threisiú agus sineirgí a chruthú idir earnálacha. Faoi chuimsiú an chreata sin, spreagann an Coimisiún lánpháirtiú gníomhaithe nua chomh maith le rannpháirtíocht níos fearr ó ionadaithe na mBallstát nua.

Seoladh trí choiste comhphlé sóisialta earnálach Eorpacha nua le linn 2010 ar chomhiarratas na gcomhpháirtithe sóisialta Eorpacha faoi seach. Bhí na chéad chruinnithe ag na coistí sna hearnálacha miotail, páipéir agus oideachais, agus d'fhéadfaí an comhphlé sóisialta Eorpach um riaracháin (rialtais) láir a chruthú i ndiaidh céim thrialach dhá bhliain. Tá iniúchadh á dhéanamh ag comhpháirtithe sóisialta in earnáil an tionscail agraibhia agus san earnáil spóirt ar an bhféidearthacht de choistí comhphlé sóisialta earnálacha.

Caibidil 7: Athbhreithniú ar reachtaíocht Eorpach 2008–10

B'éachtaí móra iad glacadh na treorach maidir le hobair gníomhaireachta shealadach agus glacadh threoir na gcomhairlí oibreacha Eorpacha athmhúnlaithe.

I réimse dhlí an tsaothair, glacadh roinnt treoracha tábhachtacha le dhá bhliain anuas. Rinneadh urfhuascailt mhór le glacadh na treorach nua maidir le hobair gníomhaireachta shealadach, ina bhforáiltear do mhéadú suntasach sa chosaint dlí a thugtar d'oibrithe sealadacha, fad is a aithnítear inti ról na ngníomhaireachtaí sealadacha chun solúbthacht níos mó sa mhargadh saothair a chur chun cinn agus deiseanna poist a sholáthar.

B'éacht eile é glacadh threoir na gcomhairlí oibreacha Eorpacha athmhúnlaithe. D'éascaigh comhthuairim chomhpháirtithe sóisialta an AE arna léiriú le linn an phróisis chomhchinnteoireachta comhaontú mear ar an téacs deiridh. Déanann an treoir nua an reachtaíocht roimhe seo ó 1994 a shoiléiriú agus a threisiú ar roinnt bealaí, go háirithe maidir le faisnéis agus cearta comhairliúcháin oibrithe i leith ábhair thrasnáisiúnta. I gcomhthéacs na géarchéime eacnamaíochta, d'éirigh an reachtaíocht sin an-iomchuí.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún ag tabhairt faoi mheastóireacht ar na treoracha atá ann cheana féin d'fhonn a dtionchair a athbhreithniú, go háirithe Treoir 98/59/CE maidir le hiomarcaíocht chomhchoiteann, Treoir 2001/23/CE maidir le haistrithe gnóthas agus Treoir 2002/14/CE lena mbunaítear creat ginearálta a bhaineann le faisnéis agus comhairliú le hoibrithe san AE.

Cuireadh trí chomhaontú idir comhpháirtithe sóisialta Eorpacha chun feidhme trí bhíthin treoracha ón gComhairle. Léirigh glacadh Threoir 2010/18/AE ón gComhairle, lena gcuirtear comhaontú réime 2009 maidir le saoire thuismitheoirí chun feidhme, arna tabhairt i gcrích ag comhpháirtithe sóisialta Eorpacha cumas na gcomhpháirtithe sóisialta — agus institiúidí an AE — cur le hobair chomhaontú 1995 roimhe sin, a cuireadh chun feidhme mar threoir freisin. Déantar cearta tuismitheoirí atá ag obair chun saoire a thógáil a threisiú agus a shoiléiriú a thuilleadh leis an reachtaíocht nua.

Cuireadh an comhaontú réime maidir le gortuithe ó uirlisí géara a chosc in earnáil na n-ospidéal agus an chúraim shláinte, arna thabhairt i gcrích ag na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha san earnáil, chun feidhme trí bhíthin Threoir 2010/32/AE ón gComhairle. Is rannchuidiú suntasach é ionchorprú an chomhaontaithe sin i reachtaíocht an AE chun an timpeallacht oibre is sábháilte is féidir a chruthú sna hearnálacha lena mbaineann.

Tar éis don Choimisiún dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha in iompar muirí, rinneadh siad cinneadh dul i mbun caibidlíochta agus ina dhiaidh sin chomhaontaigh siad ar líon suntasach de na forálacha i gCoinbhinsiún Oibreachais Mhuirí 2006 de chuid na hEagraíochta Oibreachais Idirnáisiúnta a ionchorprú i reachtaíocht an AE. Cuireadh an comhaontú chun feidhme trí bhíthin Threoir 2009/13/CE, lena gcomhlíontar nó lena leasaítear forálacha reatha an AE a bhaineann le dálaí oibre maraithe, lena n-áirítear uaireanta oibre.

I gcomhréir le clár oibre an Choimisiúin um rialáil níos fearr, leanadh ar aghaidh le hobair ar chur chun feidhme straitéis an AE maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre 2007-12. Sá réimse sin, bhí na forbairtí le linn na tréimhse sin dírithe ar chreat rialála a áirithiú a bheidh in ann dul in oiriúint d'athrú ar bhonn leanúnach fad is a dtugtar aird don phrionsabal gur cheart do reachtaíocht a bheith comhtháite, simplí agus éifeachtach agus go gcomhlíontar an cuspóir den ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú. Bhí glacadh tríú liosta de luachanna teorann ceirde táscacha le haghaidh gníomhaithe ceimiceacha (Treoir 2009/161/AE) ina shampla de sin, lena léirítear cinneadh an Choimisiúin *acquis* an AE um shláinte agus sábháilteacht ag an ionad oibre a choimeád i gcomhréir leis na sonraí eolaíochta is déanaí atá ar fáil. Tháinig

dhá Threoir 'códaithe' , Treoir 2009/104/CE maidir le trealamh oibre agus Treoir 2009/148/CE maidir le haispeist, chun cinn de thoradh an chláir oibre um rialáil níos fearr. Forbraíodh treoracha dea-chleachtais, atá dírithe ar fheidhmiú praiticiúil roinnt treoracha maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, amhail na treoracha a bhaineann le torann, foirgníocht agus radaíocht optúil shaorga, a éascú agus a fheabhsú.

Tá monatóireacht agus treisiú á ndéanamh ar chearta comhionannais i bhfostaíocht. Leanann an Coimisiún air ag cur béim mhór ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar thrasuí ceart treoracha i réimse an chomhionannais. Cuimsítear leis sin Treoracha 2000/43/CE agus 2000/78/CE ón gComhairle, lena gcuirtear cosc ar idirdhealú bunaithe ar chine agus bunús eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus claonadh gnéis i gcúrsaí fostaíochta agus ceirde ar fud an AE. I nDeireadh Fómhair 2008, rinne an Coimisiún togra a thíolacadh chun forálacha reatha Threoir 92/85/CEE maidir le cosaint mháithreachais a leasú. Is é aidhm an togra foráil a dhéanamh do réiteach níos fearr ar an saol príobháideach, gairmiúil agus teaghlaigh agus mar sin deis a thabhairt do níos mó ban dul isteach sa mhargadh fostaíochta nó fanacht ann má bhíonn leanaí acu. I bhforbairt thábhachtach eile, déanfar cur chun feidhme phrionsabal an chearta chun cothrom de chóir idir fir agus mná a threisiú dóibh siúd atá ag obair i gcáil féinfhostaithe, trí bhíthin Threoir 2010/41/AE ón gComhairle.

Bhí bacainní agus deacrachtaí móra in dhá réimse: Mainneachtain na treorach leasaithe maidir le ham oibre, agus léirmhíniú agus forfheidhmiú na treorach maidir le hoibrithe a chur i gceann poist.

Tharla cliseadh mór nuair a tarraingíodh siar togra ón gCoimisiún chun an treoir maidir le ham oibre a leasú (2003/88/CE), toisc gur theip ar an gComhairle agus an Pharlaimint comhréiteach a chomhaontú. Rinneadh iarracht leis an togra réiteach a aimsiú ar na deacrachtaí a bhain le rialuithe na Cúirte Breithiúnais (CJUE) a chur chun feidhme maidir le cásanna *SIMAP* agus *Jaeger*, agus chun plé le héilimh na ngeallsealbhóirí maidir leis an tréimhse thagartha a shíneadh le haghaidh am oibre seachtainiúil a mheánú agus le rogha aonair an diúltaithe. Mar fhreagairt ar an gcomhréiteach teipthe, sheol an Coimisiún athbhreithniú ar an treoir lena n-áirítear cleachtas meastóireachta fairsing agus an chéad chomhairliúchán ar na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha.

Ba fhoinse deacrachtaí eile é léirmhíniú agus forfheidhmiú na Treorach maidir le hoibrithe a chur i gceann poist (96/71/CE), lena n-áirítear meas ar chearta sóisialta comhchoiteanna. I ndiaidh rialuithe CJEU i gcásanna *Laval, Rüffert* agus *Commission* v *Luxembourg*, rinneadh an Coimisiún cinneadh a chuid iarrachtaí a fheabhsú chun comhoibriú riaracháin i measc na mBallstát a éascú, agus díospóireacht le geallsealbhóirí a chur chun cinn. Agus na deacrachtaí sin á gcoimeád i gcuimhne acu, tá an Coimisiún ag déanamh athbhreithnithe ar chur chun feidhme agus ar léirmhíniú an chreata dlí maidir le hoibrithe a chur i gceann poist agus tá roinnt staidéir sheachtracha curtha ar siúl (nó coimisiúnaithe) aige cheana féin faoi ghnéithe dlí agus faoi iarmhairtí eacnamaíocha na treorach. Tá na staidéir sin fós ar siúl.

An Coimisiún Eorpach

Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2010 - Achoimre feidhmiúcháin

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2011 — 13 lgh. — 21 × 29,7 cm

ISBN 978-92-79-17892-4
doi:10.2767/15042

Déanfar athbhreithniú sa tuarascáil Caidreamh Tionsclaíoch san Eoraip 2010 ar fhorbairtí sna caidrimh idir oibrithe, fostóirí agus a n-ionadaithe faoi seach idir 2008 agus 2010. San achoimre feidhmiúcháin seo ar an tuarascáil, tugtar forbhreathnú ar thionchar na géarchéime eacnamaíochta agus ar ról na gcomhpháirtithe sóisialta chun dul i ngleic léi. Ina dhiaidh sin, féachtar ar na seacht gcaibidil atá sa tuarascáil. Sna caibidlí sin, cuimsítear treochtaí i gcaidreamh tionsclaíoch, dearcthaí na gcomhpháirtithe sóisialta ar an ngéarchéim agus na freagraí atá acu uirthi, solúbthacht pá agus pá íosta, caidreamh tionsclaíoch agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, mar aon le forbairtí i gcomhphlé sóisialta agus reachtaíocht an AE idir 2008 agus 2010. Tá an achoimre ar fáil i bhformáid leictreonach i ngach teanga oifigiúil den AE, ach tá an tuarascáil iomlán le fáil i mBéarla i bhfoirm chló (ISBN 978-92-79-17861-0).

CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh.
  Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin
  (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin
  (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

KE-AV-10-001-GA-N

An bhfuil suim agat i bhfoilseacháin na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó ***http://ec.europa.eu/social/publications***

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag ***http://ec.europa.eu/social/e-newsletter***

http://ec.europa.eu/social

www.facebook.com/socialeurope

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-17892-4